# RÁITEAS STRAITÉISE 2016-2020

Neamhspleách

Oibiachtúil

Cuiditheach

Tiomanta do Shármhaitheas

Office of the Comptroller and Auditor General
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# CLÁR


| | |
|---|---|
| Réamhrá ón C&AG | 2 |
| Forbhreathnú ar ár gcuid oibre | 3 |
| Cé muid féin agus cad a dhéanaimid | 4 |
| Ag éisteacht lenár bpáirtithe leasmhara | 5 |
| Tosaíochtaí Straitéiseacha 2016 – 2020 | 7 |
| Tosaíocht 1: Seirbhísí iniúchta gairmiúla, ar ardchaighdeán a sheachadadh | 8 |
| Tosaíocht 2: Difríocht a dhéanamh do na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu, don Oireachtas agus don phobal | 10 |
| Tosaíocht 3: Ár nEagraíocht a neartú | 12 |
| Ár rialachas agus ár dtuairisciú | 14 |

# RÉAMHRÁ ÓN C&AG

**Tá áthas orm an ráiteas straitéise seo a chur i láthair d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag clúdach na tréimhse 2016 go 2020. Tá sé i gceist ag an straitéis treochlár a sholáthar d'fhorbairt na hOifige sna blianta amach romhainn, chun leasa an phobail i gcoitinne, an Oireachtais, na gcomhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu agus ár bhfoirne.**

Tagann an straitéis chun cinn ag am tábhachtach athraithe d'earnáil phoiblí na hÉireann. Tá athchóiriú ar phróisis chuntasachta poiblí agus bhuiséadacha na hÉireann ar siúl, le béim níos mó ar chuntasacht maidir le feidhmíocht. Tá sé seo ag tarlú ag am ina bhfuil go leor athruithe struchtúracha san earnáil phoiblí lena n-áirítear cuíchóiriú gníomhaireachtaí stáit. Tar éis blianta fada dúshlánacha, tá an geilleagar ag tosú ag fás, rud a chuireann borradh faoi ioncaim stáit agus a gineann ionchais níos mó ó shaoránaigh maidir le caiteachas agus seachadadh seirbhíse poiblí feabhsaithe.

Sa chomhthéacs seo, tá ár straitéis deartha chun a chinntiú go bhfanfaidh an Oifig i riocht maith chun seirbhís iniúchta éifeachtach agus ardchaighdeáin a sholáthar do chomhlachtaí poiblí ar bhonn leanúnach agus chun a bheith ina seirbhís a thugann dearbhú soiléir don phobal faoin gcaoi a n-úsáidtear airgead poiblí agus a éascaíonn cuntasacht pharlaiminteach.

Is iad na luachanna atá mar bhonn agus taca le hobair na hOifige seo ná neamhspleáchas, oibiachtúlacht, tiomantas do shármhaitheas agus teagmháil chuiditheach leis na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu. Tá siad seo ag croílár ár gcuid oibre agus tá siad le brath sa straitéis seo. Bunaithe ar na luachanna sin, is iad na tosaíochtaí a mhúnlaíonn an straitéis seo agus a spreagfaidh ár bhforbairt ná

- seirbhísí iniúchta gairmiúla ar ardchaighdeán a sholáthar
- ag déanamh difríochta do na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu, don Oireachtas agus don phobal, agus
- ár n-eagraíocht a neartú.

Ar leithligh ó na cúinsí straitéiseacha sin, creidim go bhfuil sé thar am ról na hOifige a athscrúdú i bhfianaise an iliomad athruithe a tharla sa tseirbhís phoiblí ó rinneadh athbhreithniú deireanach ar an ról i 1992. Tháinig an t-athbhreithniú sin roimh achtú an Achta um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 faoina n-oibrímid faoi láthair. Ba mhaith liom athbhreithniú nua a fheiceáil a scrúdaíonn a mhéid a chomhlíonann sainordú reachtach agus leibhéal acmhainní an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na riachtanais uile maidir le hiniúchadh agus cuntasacht phoiblí a bhaineann le Stát daonlathachh nua-aimseartha.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a thug freagra ar an gcomhairliúchán agus a chuidigh le forbairt an ráitis seo. Tá tuarascáil ar leithligh ina ndéantar achoimre ar thorthaí ár gcomhairliúcháin ar láithreán Gréasáin na hOifige ag www.audgen.gov.ie.

**Seamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Bealtaine 2016

# FORBHREATHNÚ AR ÁR gCUID OIBRE

Is é ár misean an oiread luach agus is féidir a chur le seirbhís phoiblí in Éirinn trí sheirbhísí iniúchta ar ardchaighdeán a sholáthar, dírithe ar an úsáid a bhaintear as airgead agus acmhainní poiblí a fheabhsú, agus cuntasacht phoiblí a neartú.

Gach bliain, chun ár misean a chomhlíonadh, déanaimid iniúchadh ar

- 39 cuntas leithreasa an Rialtais Lárnaigh agus
- 27 ciste roinne
- 28 comhlacht san earnáil sláinte, lena n-áirítear FSS
- 26 ollscoil agus coláiste tríú leibhéal eile
- 170 gníomhaireacht eile san earnáil phoiblí, ar mhéid agus scála ilghnéitheach

Iomlán 290 iniúchadh ar ráitis airgeadais agus ar chuntais

**AGUS**

- cuirimid tuarascáil fhorbhreathnaithe ar fáil gach bliain ar chuntais na seirbhísí poiblí
- foilsímid roinnt tuarascálacha speisialta a dhéileálann le gnéithe de sheachadadh seirbhíse poiblí agus úsáid acmhainní poiblí
- aithnímid deiseanna le haghaidh feidhmíochta níos fearr agus cuirimid iad sin in iúl do na comhlachtaí poiblí ábhartha
- tacaímid le hobair Choiste na gCuntas Poiblí maidir le caiteachas poiblí a scrúdú agus comhlachtaí poiblí a thabhairt chun cuntais
- caithimid timpeall €12.5m gus muid ag seachadadh ár seirbhísí
- agus fostaímid 145 ball foirne coibhéiseach lánaimseartha.

# CÉ MUID FÉIN AGUS CAD A DHÉANAIMID

Is oifigeach neamhspleách, bunreachtúil é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG), arna cheapadh ag an Uachtarán ar ainmniú Dháil Éireann. Is é Seamus McCarthy an sealbhóir oifige reatha. Tá sé i seilbh oifige faoi Airteagal 33 de Bhunreacht na hÉireann. Tá an C&AG freagrach as rialú a dhéanamh ar scaoileadh cistí do sheirbhísí poiblí mar atá ceadaithe ag Dáil Éireann, iniúchadh a dhéanamh ar chuntais phoiblí, tabhairt faoi scrúduithe neamhspleácha ar bhainistíocht agus úsáid acmhainní poiblí, agus as torthaí na hoibre a thuairisciú do Dháil Éireann. Ar an mbealach seo, tacaíonn an C&AG leis an bpróiseas rialaithe parlaiminte agus cuntasachta. Is iad tuarascálacha an C&AG an bonn ar a dtugtar comhlachtaí poiblí chun cuntais os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí. Cuidíonn Oifig an C&AG leis an C&AG ina fheidhmeanna reachtúla agus státseirbhísigh is ea a fhoireann.

Clúdaíonn ár ról iniúchta poiblí 290 tacar ráiteas airgeadais agus cuntas arna dtáirgeadh ag comhlachtaí poiblí. Le chéile, tá idirbhearta airgeadais ag na comhlachtaí sin ar fiú os cionn **€200 billiún** iad d'airgead poiblí gach bliain.

Is é ár bpríomhfhócas tacú leis an bpróiseas trína dtugtar comhlachtaí poiblí agus cinnteoirí chun cuntais maidir le húsáid acmhainní poiblí trí dhearbhú neamhspleách a sholáthar maidir le bainistíocht airgeadais, feidhmíocht airgeadais, rialachas agus cuibheasacht i seoladh gnó poiblí, agus luach ar airgead laistigh de sheirbhísí poiblí. Déanaimid iarracht freisin luach a chur leis na heagraíochtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu trí anailís agus moltaí a sholáthar le tacaíocht ó fhianaise shoiléir, ní amháin maidir lena bhfeidhmíocht aonair ach freisin maidir le téamaí trasnaí agus dea-chleachtas a aithint maidir le húsáid acmhainní ar fud na seirbhíse poiblí.

## RÓL AN C&AG AGUS CUNTASACHT PHARLAIMINTEACH



# AG ÉISTEACHT LENÁR bPÁIRTITHE LEASMHARA

Agus ár ráiteas straitéise á fhorbairt againn, rinneamar Crowe Horwath a choimisiúnú chun suirbhé neamhspleách a dhéanamh ar thuairim na bpáirtithe leasmhara. Thug siad faoi rannpháirtíocht neamhspleách

- le Cathaoirleach agus comhaltaí an Choiste um Chuntais Phoiblí agus
- le sampla ionadaíoch d'aon chomhlacht agus fiche a ndéanaimid iniúchadh orthu, lena n-áirítear teagmháil dhíreach le gach Oifigeach Cuntasaíochta agus cathaoirligh choistí iniúchta na gcomhlachtaí.

Chuaigh siad i dteagmháil freisin le comhlachtaí iniúchta poiblí i dTuaisceart Éireann, in Albain, san Fhionlainn agus sa Nua-Shéalainn.

**COMHAIRLIÚCHÁIN FOIRNE**

Chuamar i gcomhairle lenár bhfoireann freisin agus bhaineamar úsáid as na torthaí i bhforbairt gníomhartha straitéiseacha.

**PÁIRTITHE LEASMHARA A nDEACHTHAS I gCOMHAIRLE LEO**



Tugtar achoimre thíos ar thorthaí an tsuirbhé, agus an tionchar ar ár dtosaíochtaí sa todhchaí. Tá níos mó mionsonraí faoin bpróiseas comhairliúcháin foilsithe ar láithreán gréasáin na hOifige ag www.audgen. gov.ie, sa chuid 'Foilseacháin Oifige'.

| D'iarramar | Dúirt tú | Déanfaimid |
|---|---|---|
| Cad é do dhearcadh ar neamhspleáchas Oifig C&AG? | - **Neamhspleách go cinnte ar na comhlachtaí poiblí a ndéanann sé iniúchadh orthu agus ar an rialtas ar bhonn níos leithne**<br>- **Diúltaíonn sé ceannairí polaitiúla a leanúint agus ba cheart go leanfar ar aghaidh leis sin** | - **Ár neamhspleáchas a chothú agus meas a bheith againn air**<br>- **Cloí le croíphrionsabail na hoibiachtúlachta, na déine agus na cothroime inár gcuid oibre**<br>- **Ár gcuid oibre a dhíriú ar réimsí leasa an phobail a bhfuil an cumas acu luach a chur leis** |
| Cad é do dhearcadh ar an gcaoi a bhfuil Oifig C&AG ag feidhmiú a róil? | - **Tugann sé dearbhú tábhachtach don Oifigeach Cuntasaíochta agus don choiste iniúchta agus compord maidir le rialachas agus comhlíonadh**<br>- **Bheadh sé ina chuidiú níos mó fócas a fheiceáil ar théamaí coitianta, crosghearrthacha ar fud roinnt comhlachtaí poiblí**<br>- **Tá dúil ann le méadú ar líon na scrúduithe**<br>- **Bheadh sé ina chuidiú dá ndéanfadh an Oifig athbhreithniú ar a chur chuige uilíoch maidir le hiniúchadh agus tuairisciú na cuibheasachta**<br>- **Ba cheart don Oifig a chinntiú go dtuigeann soláthraithe seirbhíse seachfhoinsithe nósanna imeachta cuntasaíochta an rialtais ar bhealach níos iomláine**<br>- **Ba cheart go mbeadh an Oifig níos tráthúla maidir lena cuid aschur** | - **Iniúchadh airgeadais a choinneáil mar chroílár ár gcuid oibre**<br>- **Líon méadaitheach iniúchtaí ar luach ar airgead agus scrúduithe crosghearrthacha a dhéanamh**<br>- **Ár gcur chuige i leith cúrsaí cuibheasachta a scálú le go n-oirfidh sé níos fearr do scála na gcomhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu**<br>- **Oibriú leis na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu chun an timthriall iniúchta a thabhairt ar aghaidh**<br>- **Leanúint ar aghaidh le hniúchtaí a sheachfhoinsiú nuair atá sé sábháilte déanamh amhlaidh, chun cabhrú le cur i láthair tráthúil cuntas** |
| Cad é do dhearcadh ar an gcaoi a gcuireann Oifig C&AG torthaí a cuid oibre in iúl, agus ar an gcaoi a ndéanann sí cumarsáid le páirtithe leasmhara i gcoitinne? | - **Bheadh níos mó cur i láthair / imeachtaí faisnéise tairbheach**<br>- **D'fhéadfadh sé faisnéis/treoir a sholáthar maidir le feidhmíocht idir eagraíochtaí den mhéid nó den chineál céanna**<br>**Chuirfí fáilte roimh níos mó idirghníomhaíochta idir an fhoireann iniúchta shinsearach agus coistí iniúchta**<br>- **D'fhéadfaí úsáid níos mó a bhaint as grafaicí faisnéise agus léaráidí i dtuairiscí** | - **Teagmháil go rialta le comhlachtaí poiblí agus páirtithe leasmhara**<br>- **Imeachtaí faisnéise, foghlaim chomhroinnte agus modhanna cumarsáide eile a mhéadú**<br>- **Athchóiriú a dhéanamh ar láithreacht agus cur i láthair na hOifige ar líne** |
| Cén taithí fhoriomlán atá agat ar cháilíocht na seirbhíse a sholáthraíonn Oifig C&AG? | - **Ardleibhéal gairmiúlachta**<br>- **An-diongbháilte agus leanúnach**<br>- **An-fhreagrúil**<br>- **Foireann a bhfuil taithí acu**<br>- **Tuiscint mhaith ar ár n-eagraíocht agus ar ár gcomhthéacs** | - **Leanúint ar aghaidh le nár n-eagraíocht a neartú agus a fhorbairt de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr trí infheistíocht inár ndaoine, inár bpróisis oibre agus inár gcórais** |


# TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA 2016 - 2020

Chabhraigh bailiú aiseolais ó pháirtithe leasmhara le linn 2015 go mór lenár n-athbhreithniú straitéiseach, agus in éineacht le teagmháil lenár bhfoireann, chuidigh sé leis na tosaíochtaí straitéiseacha a mhúnlú do na blianta amach romhainn. Tá trí phríomhthosaíocht againn a léireofar i ngach gné dár gcuid oibre:

- Seirbhísí iniúchta gairmiúla ar ardchaighdeán a sholáthar
- Difríocht a dhéanamh do na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu, don Oireachtas agus don phobal
- Ár n-eagraíocht a neartú.

Tá na tosaíochtaí straitéiseacha seo mar bhunús lenár ráiteas straitéise. Cuireann siad bonn eolais freisin faoi fhorbairt ár bpleananna oibríochta bliantúla mionsonraithe, agus beimid ag tuairisciú ar ár ndul chun cinn i gcoinne na dtosaíochtaí seo ar bhonn bliantúil.

TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA 2016 GO 2020



# TOSAÍOCHT 1:

## SEIRBHÍSÍ INIÚCHTA GAIRMIÚLA AR ARDCHAIGHDEÁN A SHOLÁTHAR

Is é ár gcuspóir seirbhísí iniúchta gairmiúla ar ardchaighdeán a sholáthar do chomhlachtaí poiblí, agus é sin a dhéanamh go héifeachtúil, go tráthúil, agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh don RA agus d'Éirinn.

Tá seachadadh iniúchta éifeachtach agus tráthúil maidir le ráitis airgeadais chomhlachtaí poiblí lárnach sa mhéid a dhéanaimid. Is éard atá i gceist leis seo méid suntasach rannpháirtíochta leis na comhlachtaí atá i gceist, lena n-áirítear coistí bainistíochta sinsearaí agus iniúchta. Is ionann aschuir na hoibre seo agus tuarascálacha poiblí ar na ráitis airgeadais a ndéanaimid iniúchadh orthu, agus litreacha bainistíochta agus tuarascálacha aonair chuig coistí iniúchta faoi ábhair a bhaineann le haon imní atá againn maidir le rialú airgeadais, bainistíocht airgeadais agus rialachas corparáideach.

### PRÍOMH-ASCHUIR NA hOIFIGE

**Tuarascálacha ar ráitis airgeadais chomhlachtaí poiblí**

- **Tuairim ar cibé an dtugann na cuntais léargas fíor agus cóir ar staid airgeadais na gcomhlachtaí**
- **Tuairiscigh mura bhfuil airgead poiblí curtha i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe**
- **Tuairiscigh aon ábhair shuntasacha faoin gcaoi ar caitheadh airgead poiblí**
- **Tuairiscigh aon teipeanna suntasacha i gcórais rialaithe airgeadais inmheánaigh na gcomhlachtaí poiblí.**

**Litir/tuarascáil bainistíochta chuig an gcoiste iniúchta**

- **Torthaí ón iniúchadh a éilíonn gníomh feabhais ón gcomhlacht poiblí**
- **Samplaí:**
  - **Saincheist rialaithe airgeadais**
  - **Saincheist rialachais chorparáidigh**

Tá ár gcuid oibre iniúchta bunaithe ar roinnt prionsabal tábhachtach:

- **Neamhspleáchas agus oibiachtúlacht:** tuigimid an timpeallacht agus an creat beartais ina bhfeidhmíonn comhlachtaí poiblí, ach fanaimid neamhspleách agus oibiachtúil inár gcuid oibre go daingean.
- **Oscailte agus idirghníomhach:** táimid soiléir faoin mbunús maidir lenár n-iniúchadh, ár gcur chuige agus ár riachtanais. Déanaimid iarracht dul i dteagmháil le coistí bainistíochta agus iniúchta roimh, le linn agus tar éis an iniúchta, agus muid ag iarraidh soiléireacht ábhar ár n-aschur a fheabhsú.
- **Cuiditheach:** tugaimid aghaidh ar ár n-iniúchadh ar an mbonn gur chóir go mbeadh na torthaí cuiditheach, dírithe ar ábhair thábhachtacha agus go gcuireann siad fíorluach leis na comhlachtaí poiblí a ndéanaimid iniúchadh orthu.
- **Tráthúlacht:** oibrímid chun ár n-iniúchtaí a chur i gcrích go tráthúil, ag cuimhneamh ar na hoibleagáidí ar chomhlachtaí poiblí a dtuarascálacha agus a gcuntais bhliantúla a chur i láthair, agus ag an am céanna ag tabhairt dóthain ama do chomhlachtaí poiblí breathnuithe a sholáthar ar ár ndréacht-aschuir.
- **Ardchaighdeán:** oibrímid de réir caighdeán gairmiúil agus eiticiúil, ag iarraidh a chinntiú go ndéantar obair iniúchta ar ardchaighdeán, agus ag cabhrú le comhlachtaí poiblí cuntais ardchaighdeáin a chur i láthair.

| | In 2016-17, déanfaimid: | Le linn na tréimhse go 2020, déanfaimid: |
| --- | --- | --- |
| **Rannpháirtíocht** | - Ár n-infhaighteacht do chomhlachtaí poiblí agus rannpháirtíocht leo, lena n-áirítear rannpháirtíocht níos rialta le coistí iniúchta, a fheabhsú, ag baint úsáide as pleananna rannpháirtíochta comhaontaithe.<br>- Feabhas a chur ar ábhar ár n-aschur lena n-áirítear litreacha bainistíochta agus tuarascálacha chuig coistí iniúchta. | - Tabhairt faoi shuirbhéanna sástachta tréimhsiúla chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhíonn na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu sásta le leibhéil rannpháirtíochta agus soiléireacht ár n-aschur |
| **Tráthúlacht** | - Oibriú leis na comhlachtaí iniúchta chun tráthúlacht fhoilsiú na gcuntas a chur chun cinn | - Tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar thráthúlacht tuairiscithe airgeadais ag comhlachtaí poiblí |
| **Fócas** | - Ár gcur chuige maidir le tástáil cuibheasachta a chur in oiriúint trí dhíriú ar phríomhrioscaí, agus tuairimí na gcoistí iniúchta a chur san áireamh | - Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chláir tástála cuibheasachta |
| **Cáilíocht** | - Leanúint ar aghaidh le hathbhreithnithe neamhspleácha ar cháilíocht ár n-iniúchtaí a choimisiúnú | - Ceachtanna a foghlaimíodh ó athbhreithnithe a leabú |
| **Iniúchadh seachfhoinsithe** | - Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige maidir le hiniúchtaí seachfhoinsithe chun a chinntiú go gcoinnítear caidrimh láidre idir an Oifig agus an comhlacht iniúchta áit a ndéantar seachfhoinsiú ar an iniúchadh | - Rannpháirtíocht leis na comhlachtaí iniúchta maidir lena sástacht le hiniúchtaí seachfhoinsithe |

# TOSAÍOCHT 2:

## DIFRÍOCHT A DHÉANAMH DO NA COMHLACHTAÍ A nDÉANAIMID INIÚCHADH ORTHU, DON OIREACHTAS AGUS DON PHOBAL

Is é an cuspóir atá againn go ndéanfadh ár gcuid oibre fíordhifríocht inláimhsithe, trí dhearbhú a thabhairt don phobal maidir le húsáid cheart airgid phoiblí, trí chuntasacht chomhlachtaí poiblí don Oireachtas a éascú, agus trí riarachán poiblí a fheabhsú.

Tá ár gcuid oibre tuairiscithe tábhachtach

- don phobal agus muid ag tuairisciú i gcás ina bhfaighimid amach nár chaith comhlachtaí poiblí airgead poiblí go maith nó de réir na leibhéal ionracais is airde

- don Oireachtas agus don Choiste um Chuntais Phoiblí (PAC) maidir le cuntasacht pharlaiminteach a éascú

- do chomhlachtaí poiblí iniúchta, agus d'oifigigh chuntasaíochta faoi seach, maidir le dearbhú neamhspleách á sholáthar ar a gcuntais agus torthaí cuiditheacha le haghaidh tuilleadh feabhsuithe.

Chun go n-éireoidh leis seo, caithfidh ár dtuarascálacha a bheith neamhspleách agus údarásach, agus ní mór go mbeadh líon leordhóthanach acu chun gach príomhréimse a chlúdach le himeacht ama.

### PRÍOMH-ASCHUIR NA hOIFIGE

**Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí**

- **Cuntais leithreasa bhliantúla do gach Roinn agus oifig Rialtais**
- **Tuairisciú ar réimsí caiteachais áirithe agus ar shaincheisteanna a eascraíonn as iniúchtaí.**

**Tuarascálacha Speisialta**

- **Tuarascálacha ar scrúduithe luach ar airgead, nó réimsí arna roghnú ag an C&AG**
- **Tuarascálacha ar 'ábhar ginearálta' lena mbaineann grinnscrúdú domhain ar shaincheisteanna nó ábhair shonracha a eascraíonn as iniúchtaí nó cigireachtaí arna ndéanamh ag an C&AG.**

**Láithris os comhair Choiste um Chuntas Phoiblí**

- **Freastalaíonn C&AG ar gach cruinniú de Choiste na gCuntas Poiblí ina bhfuil tuarascálacha óna Oifig á bplé, agus soláthraíonn sé forbhreathnú ar a chuid oibre agus a thorthaí.**

Agus muid ag iarraidh difríocht a dhéanamh, táimid faoi threoir na bprionsabal tábhachtach seo a leanas:

- **Soiléire, tionchar agus feabhas:** féachfar le tionchar agus luach ár gcuid oibre a uasmhéadú trí mholtaí praiticiúla agus soiléire a dhéanamh, agus obair leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme.

- **Dea-chleachtas a roinnt:** aithnímid agus roinnimid dea-chleachtais.

| | In 2016-17, déanfaimid: | Le linn na tréimhse go 2020, déanfaimid: |
|---|---|---|
| **Tuarascálacha poiblí** | - Acmhainní breise a leithdháileadh chun líon na scrúduithe agus na dtuarascálacha a mhéadú | - Aidhm 10 dtuarascáil speisialta a fhoilsiú gach bliain |
| **Tuarascálacha crosghearrthacha** | - Úsáid níos mó a bhaint as acmhainní chun líon na dtuarascálacha crosghearrthacha a mhéadú | - 20% ar a laghad dár dtuarascálacha a dhíriú ar théamaí crosghearrthacha |
| **Soiléire agus cáilíocht** | - Caighdeáin idirnáisiúnta a ghlacadh go foirmiúil maidir le hobair a thuairisciú<br>- 'Inléiteacht' ár dtuarascálacha a fheabhsú, trí úsáid mhéadaithe a bhaint as léaráidí agus grafaicí, agus téacs nach mbeidh chomh teicniúil agus casta<br>- An láithreán Gréasáin a athdhearadh chun cabhrú le húsáideoirí seachtracha | -Tabhairt faoi shuirbhéanna sástachta tréimhsiúla chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhíonn na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu sásta le soiléireacht ár n-aschur agus ár láithreán gréasáin |
| **Dea-chleachtas a roinnt** | - Tacaigh le níos mó imeachtaí dea-chleachtais | - Dul i mbun imeachta dea-chleachtais bhliantúil |
| **An Coiste um Chuntais Phoiblí** | - Rannpháirtíocht le baill PAC a neartú trí chruinnithe faisnéise | - Tacaigh le hobair an PACde réir ár gceanglas reachtúil |
| **Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm** | - Leanúint fhoirmiúil ar chur i bhfeidhm, ag comhlachtaí poiblí, ar mholtaí foilsithe | - Tuairisciú gach bliain ar leibhéal chur i bhfeidhm na moltaí, ag comhlachtaí poiblí roghnaithe |

# TOSAÍOCHT 3:
# ÁR nEAGRAÍOCHT A NEARTÚ

Is é ár gcuspóir go mbeadh an Oifig ina heagraíocht eiseamláireach san earnáil phoiblí, dea-oilte chun a cuspóirí a bhaint amach, agus le foireann spreagtha. Is iad na daoine an acmhainn is luachmhaire atá againn toisc go bhfuilimid ag brath ar ár scileanna agus ár dtaithí ardcháilithe agus ghairmiúil chun iniúchadh poiblí a dhéanamh. Ba mhaith linn a bheith mar fhostóir de rogha dóibh siúd ar mian leo tabhairt faoi ghairm san iniúchadh agus difríocht a dhéanamh do sholáthar seirbhísí poiblí.

Tá fíorú rathúil ár misean agus comhlíonadh ár gcuspóirí ag brath go hiomlán ar ár gcumas comhaltaí foirne ardspreagtha, a bhfuil taithí acu agus atá oilte, a earcú agus a choinneáil. Teastaíonn uainn nuálaíocht, solúbthacht agus comhoibriú a spreagadh ar fud ár bhfoirne. Aithnímid an gá atá le tacaíocht a thabhairt agus infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt ár bhfoirne mar dhaoine aonair agus teastaíonn uainn go mbeadh taithí oibre leis an Oifig sásúil go pearsanta agus go bhfeabhsódh an taithí sin a ngairmeacha. Agus tuigimid gurb ionann eagraíocht láidir agus eagraíocht dea-cheaptha agus dírithe ar fheidhmíocht.

Gheobhaimid treoir ó na príomhphrionsabail seo a leanas:

- **Is mór againn ár bhfoireann:** tacóimid lenár bhfoireann a bheith gníomhach, ardoilte agus láidir. Déanfaimid é sin trí nósanna imeachta earcaíochta éifeachtacha agus trí infheistíocht a dhéanamh ina bhforbairt ghairmiúil agus trí thacú le héagsúlacht agus lena gcothromaíocht oibre is saoil.

- **Luach ar airgead:** treoróimid trí shampla, agus cinnteoimid go n-uasmhéadóimid éifeachtacht agus éifeachtúlacht ár n-acmhainní uile. Déanfaimid é sin trí dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht agus ar ár gcostais, agus a chinntiú go ndéantar ár bpróisis oibre a shruthlíniú.

| | In 2016-17, déanfaimid: | Le linn na tréimhse go 2020, déanfaimid: |
|---|---|---|
| **Earcaíocht agus coimeád** | - Athbhreithniú ar ár gcur chuige i leith earcaíochta d'fhonn folúntais a líonadh ar bhealach níos tráthúla agus níos éifeachtaí<br>- Oibrigh chun líon na n-iarratasóirí ar phoist san Oifig a mhéadú<br>- Tionscnaimh iomchuí folláine foirne a chur i bhfeidhm | - Leanúint ar aghaidh ag tacú le bearta cothromaithe earcaíochta agus ardaithe céime, trí athbhreithniú tréimhsiúil ar éifeachtacht ár bpróisis earcaíochta agus ardaithe céime<br>- Pleananna forbartha gairme aonair a chomhaontú don fhoireann go léir |
| **Forbairt ghairmiúil** | - Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an bhfoireann iniúchta cáilíochtaí cuntasaíochta gairmiúla a bhaint amach<br>- Oideachas agus foghlaim chuí a sholáthar don fhoireann bunaithe ar phlean struchtúrtha forbartha foirne<br>- Scileanna ceannaireachta agus bainistíochta a fhorbairt, trí chláir oiliúna iomchuí | - Acmhainn na meastóireachta a mhéadú trí thacú le cáilíochtaí agus scileanna ábhartha a bhaint amach<br>- Infheistiú breise san fhoghlaim ghairmiúil chun feabhas a chur air ár sainscileanna<br>- Clár foirmiúil meantóireachta a fhorbairt |
| **Éifeachtacht agus éifeachtúlacht** | - Leibhéil tarmligin a leathnú le haghaidh sínithe iniúchta<br>- Tagarmharcáil a dhéanamh ar ár seirbhísí tacaíochta lena chinntiú go n-uasmhéadaímid éifeachtúlacht | - Aonad Feabhsúcháin Gnó a bhunú chun modheolaíochtaí iniúchta a fheabhsú<br>- Athbhreithniú piaraí ar oibríochtaí na hoifige a choimisiúnú agus a fhoilsiú |
| **Rialachas** | - Athbhreithniú a dhéanamh ar ár socruithe rialachais lena chinntiú go bhfuilimid ag teacht leis an gcleachtas is fearr | - Tabhairt faoi athbhreithnithe ar ár socruithe rialachais, le cúnamh seachtrach, gach trí bliana ar a laghad |

# ÁR RIALACHAS AGUS TUAIRISCIÚ

Tá rún daingean againn oibriú de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde. Díreach mar a bheimid ag súil leis ó na comhlachtaí poiblí a ndéanaimid iniúchadh orthu, ní mór dúinn é a éileamh orainn féin. Áirítear leis seo socruithe rialachais ar ardchaighdeán a bheith i bhfeidhm chun an eagraíocht agus a feidhmíocht a bhainistiú go héifeachtach.

Is é an Rúnaí agus an Stiúrthóir Iniúchta **Oifigeach Cuntasaíochta** na hOifige, agus tá sé freagrach as cistí a riaradh agus as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta cuntasach do Dáil Éireann as caiteachas ceart cistí ag an Oifig, agus caithfidh sé láithriú, nuair a iarrtar air, os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí chun ceisteanna a fhreagairt a eascraíonn as a c(h)uid freagrachtaí.

Tá an Oifig eagraithe ina stiúrthóireachtaí faoi cheannas na dtrí Stiúrthóir Iniúchta bunaithe go leathan ar chláir oibre iniúchta agus tuairiscithe. Laistigh de gach stiúrthóireacht, sanntar punanna oibre do roinnt rannán atá bunaithe go leathan ar earnálacha atá ag feidhmiú sa tseirbhís phoiblí.


Is iad seo a leanas a bhainistíonn gnó na hOifige:

- **Bord Iniúchta** - ar a mbeidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an Rúnaí agus na Stiúrthóirí Iniúchta. Déanann an Bord Iniúchta maoirseacht ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm beartas agus straitéis iniúchta don Oifig, agus déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht oibríochtúil.
- a **Bord Bainistíochta** - ar a bhfuil na Stiúrthóirí agus na Leas-Stiúrthóirí Iniúchta a chomhordaíonn bainistíocht agus oibriú na hOifige.

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, faigheann an Rúnaí agus an Stiúrthóir Iniúchta tacaíocht agus comhairle ó **Choiste Iniúchta**, ar a bhfuil ceathrar ball seachtracha, agus ó **Choiste Bainistíochta Riosca**, ar a bhfuil na trí Stiúrthóirí Iniúchta.

Déanann gnólacht seachtrach iniúchóirí arna gceapadh faoi Alt 13 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh ar chuntais bhliantúla na hOifige, agus foilsítear iad ar láithreán gréasáin na hOifige (www.audgen.gov.ie).

Foilseofar faisnéis feidhmíochta ar bhonn bliantúil.


BORD INIÚCHTA
C&AG
BORD STIÚRTHÓIRÍ
COISTE INIÚCHTA
OIFIGEACH CUNTASAÍOCHTA
STIÚRTHÓIR INIÚCHTA
STIÚRTHÓIR INIÚCHTA
LEAS-STIÚRTHÓIRÍ
LEAS-STIÚRTHÓIRÍ
LEAS-STIÚRTHÓIRÍ

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
Éirchód: D01 WP44

Fón: 01 8638650
Láithreán Gréasáin: www.audgen.gov.ie